Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Deontas 2026 don Ionchuimsiú Sóisialta

Treoirlínte d'Iarratasóirí




**An dáta deiridh chun foirmeacha iarratais a líontar ar líne a chur isteach:**

**12.00 meán lae, Dé Luain an 9 Márta 2026**

**NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS A BHEIDH MALL**

**TABHAIR FAOI DEARA NACH MBEIDH TEACHT AR AN NASC CHUN IARRATAIS A CHUR ISTEACH TAR ÉIS AN DÁTA DEIRIDH**

## 1. An cuspóir leis an Deontas don Ionchuimsiú Sóisialta

**Scéim maoinithe neamhchaipitil mionscála** atá sa Deontas don Ionchuimsiú Sóisialta atá ceaptha chun tacú le grúpaí pobail, eagraíochtaí deonacha agus fiontair shóisialta neamhbhrabúis tionscadail áitiúla a chur i gcrích leis an méid seo a bhaint amach:

- An comhionannas agus an t-ionchuimsiú a chur chun cinn
- An míbhuntáiste a laghdú
- Deiseanna rannpháirtíochta a chothú do gach duine sa tsochaí
- Tacú le daoine agus le pobail atá i mbaol an eisiaimh shóisialta

Cuirtear méid measartha beag de thacaíocht spriocdhírithe ar fáil faoin scéim chun cuidiú le grúpaí tionscnaimh fhiúntacha phobalbhunaithe a chur i gcrích ar mhaithe leis an ionchuimsiú sóisialta i ngach cuid de Chathair na Gaillimhe.

## 2. Incháilithe

Samplaí d’iarratasóirí incháilithe:

- Grúpaí pobail agus grúpaí deonacha
- Fiontair shóisialta neamhbhrabúis
- Eagraíochtaí neamhbhrabúis
- Clubanna nó cumainn áitiúla a bhfuil béim acu ar an ionchuimsiú sóisialta

**Neamh-incháilithe:** Níl eagraíochtaí tráchtála brabúis, daoine aonair ná gníomhaireachtaí reachtúla incháilithe don scéim.

Ní mór d’iarratasóirí:

- Feidhmiú i **limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**
- **Cuntas bainc nó comhair creidmheasa in ainm an ghrúpa/na heagraíochta** a bheith acu (fianaise le cur ar fáil i gcéim an iarratais)

Clárú sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)

Moltar do ghrúpaí clárú le **Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair na Gaillimhe** agus teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle ionas go mbeidh aon tionscadail bheartaithe ag teacht leis na cláir oibre agus polasaithe cuí.

## 3. Costais Inghlactha

Tá an maoiniú ann chun tacú le **costais mhionscála neamhchaipitil** a bhaineann go díreach le tionscadail, cláir agus tionscnaimh don ionchuimsiú sóisialta a chur i gcrích. Le bheith incháilithe, ní mór go mbeidh na costais **riachtanach, réasúnta agus bainteach go soiléir leis an ngníomhaíocht bheartaithe**.

### Costais chun clár a riar agus costais ag baint le gníomhaíochtaí

- Táillí le haghaidh teagascóirí/éascaitheoirí – oiliúnaithe seachtracha, aoichainteoirí nó éascaitheoirí speisialtóireachta san áireamh
- Costais chun clár a riar, cuir i gcás:
  - Ionad nó seomra ar cíos a theastaíonn go díreach don ghníomhaíocht

  - Ábhair agus tomhaltáin lena n-úsáid le linn an chláir (mar shampla, earraí ealaíon agus ceardaíochta, ábhar ceardlainne, tomhaltáin spóirt)
  - Sólaistí do rannpháirtithe nuair is cuí
  - Priontáil nó ábhair don chlár ar scála beag (mar shampla, bileoga oibre, dáileáin)
- Costais ag baint le ranganna, ceardlanna, seisiúin oiliúna, clubanna sóisialta nó imeachtaí pobail a reáchtáil
- Ní féidir aistir ná turais a chur san áireamh ach amháin má bhíonn cuspóir soiléir inléirithe ó thaobh ionchuimsiú sóisialta de ag baint leo.
- Costais as gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha, cuir i gcás seisiúin folláine, imeachtaí idirchultúrtha, oideachas pobail nó tionscnaimh rannpháirtíochta sóisialta
- Tomhaltáin bheaga a bhaineann go sonrach leis an gclár chun an ghníomhaíocht a chur i gcrích

**4. Samplaí de Thionscadail Incháilithe ar Scála Beag agus na Costais ag baint leo**

Faoin scéim seo, tugtar tacaíocht chun íoc as gníomhaíochtaí ar scála beag don ionchuimsiú sóisialta agus as na costais dhíreacha a theastaíonn lena gcur i gcrích. Tá na samplaí thíos ann leis na cineálacha tionscnamh agus costas a bhféadfaí tacú leo a léiriú.

**Samplaí de Thionscadail Incháilithe ar Scála Beag agus na Costais ag baint leo**

Is samplaí iad seo de ghnáthchineálacha gníomhaíochtaí ina gcuirtear an rannpháirtíocht chun cinn, ina ndéantar an t-uaigneas a laghdú agus ina dtugtar tacaíocht don ionchuimsiú:

- Ceardlanna faoin tuiscint airgeadais nó buiséadú
- Seisiúin ionchuimsitheacha spóirt (mar shampla, leadóg, CLG, grúpaí siúil)
- Clubanna sóisialta, maidineacha caifé nó grúpaí biongó
- Seirbhísí cothaithe cairdis nó seirbhísí piarthacaíochta
- Cláir don tsláinte agus folláine
- Ranganna do dhaoine scothaosta (mar shampla, scileanna digiteacha, ealaíona, aclaíocht)
- Gníomhaíochtaí i mBotháin na bhFear agus na mBan
- Imeachtaí idirchultúrtha nó forbartha pobail
- Cláir rannpháirtíochta óige (mar shampla, ceardlanna cruthaitheachta, seisiúin scileanna saoil, gníomhaíochtaí folláine)
- Gníomhaíochtaí chun tacú le daoine atá ag cur fúthu sa Soláthar Díreach (mar shampla, imeachtaí imeasctha, tacaíocht teanga, cláir rannpháirtíochta pobail)
- Cláir chun tacú le folláine, cultúr, oideachas nó rannpháirteachas pobail i measc daoine den Lucht Siúil
- Tionscnaimh dírithe ar phobail faoi mhíbhuntáiste, cuir i gcás clubanna oibre baile, oideachas pobail nó gníomhaíochtaí ceangailteachta sóisialta

**Samplaí de Chostais Incháilithe**

Is iad seo a leanas na cineálacha de chostais neamhchaipitil ag baint go sonrach le cláir a bhféadfaí iad a mhaoiniú:

- Táillí le híoc le teagascóir nó éascaitheoir as ranganna, ceardlanna nó oiliúint
- Ionad nó seomra ar cíos a theastaíonn go díreach don ghníomhaíocht nó clár
- Ábhair agus tomhaltáin lena n-úsáid chun an clár a chur i láthair (mar shampla, earraí ceardaíochta, ábhar ceardlainne, tomhaltáin spóirt)
- Costais éascaitheora as seisiúin ionchuimsitheacha spóirt nó folláine
- Ábhar ag baint go sonrach leis an gclár a phriontáil (mar shampla, bileoga oibre, dáileáin)
- Sólaistí do rannpháirtithe nuair ba chuí don ghníomhaíocht

## 5. Samplaí den mhéid nach bhfuil incháilithe

**Deontas neamhchaipitil ar scála beag** atá ar fáil faoin scéim seo. Ní féidir maoiniú a úsáid chun íoc as na nithe seo:

### Caipiteal agus Trealamh

- Caiteachas caipitiúil de chineál ar bith (oibreacha tógála, obair athchóirithe, uasghrádú, feabhsúcháin ar mhaithe le hinrochtaineacht)
- Ceannach sócmhainní inmharthana ar bith, cuir i gcás trealamh, troscán, trealamh teicneolaíochta faisnéise, uirlisí, innealra

### Costais Eagraíochtúla/Oibríochtúla

- Tuarastal nó pá daoine, nó costais foirne (costais as riarachán nó bainistíocht tionscadal ina measc)
- Costais bhunúsacha as eagraíocht a riar, cuir i gcás:
    - Árachas
    - Bord Soláthair an Leictreachais/leictreachas nó fóntais eile
    - Teas nó soilse
    - Costais leathanbhanda, fóin nó oifige
    - Íocaíochtaí cíosa nó léasa nach mbaineann go díreach le cur i gcrích tionscadail

### Costais neamh-incháilithe eile

- Gníomhaíochtaí in áit ar bith seachas limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Tionscadail atá maoinithe cheana féin ó scéim maoinithe eile de chuid na Comhairle nó na Rannóige
- **Costais arna dtabhú i mbliain ar bith eile seachas 2026**
- Gníomhaíochtaí ar mhaithe le brabús nó gníomhaíochtaí tráchtála
- Duaiseanna, bronntanais, dearbháin nó dámhachtainí airgid
- Alcól
- Costais as taisteal agus cothú, cuir i gcás costais as míleáiste, béilí, lóistín nó iompar d’oibrithe, oibrithe deonacha nó rannpháirtithe ach amháin más féidir a léiriú gurb ann do nasc díreach le haistear nó turas lae dírithe ar an Ionchuimsiú Sóisialta.

## 6. An Maoiniú atá ar fáil

- An deontas íosta: **€300**
- An deontas uasta: **€2,000**

Déantar iarratas ar níos mó airgid ná mar a bhíonn ar fáil go hiondúil. D’fhéadfadh oifigigh an mhaoinithe méid níos lú a thairiscint ná mar a iarrtar.

Ní mór **cuntas bainc nó comhair creidmheasa in ainm dlíthiúil na heagraíochta** a bheith ag grúpaí agus an cuntas sin socraithe chun glacadh le híocaíocht i gcomhar le Rannóg na gCuntas Iníoctha i gComhairle Cathrach na Gaillimhe. Ní mór fianaise ar chuntas bainc an ghrúpa a sholáthar i gcéim an iarratais.

## 7. Meastacháin

Ní mór d’iarratasóirí meastacháin a chur isteach le haghaidh costais bheartaithe.

- Is leor **aon mheastachán amháin** an mhír chostais
- Ní mór miondealú buiséid don tionscadal/clár/gníomhaíocht atá beartaithe a chur isteach leis an iarratas
- Molann Comhairle Cathrach na Gaillimhe d'iarratasóirí seirbhísí agus earraí **a cheannach go háitiúil** nó teagascóirí agus ionaid áitiúla a úsáid nuair is féidir

### 8. An Chaoi le hIarratas a Dhéanamh

Ní mór an córas ar líne seo a leanas a úsáid chun iarratais ar líne a chur isteach: https://www.galwaycity.ie/deontaisum-chuimsiu-soisialta
Tá eolas ginearálta ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe: **anseo**

### 9. Próiseas an Mheasúnaithe

Ní úsáidfear ach an t-eolas ar an bhfoirm iarratais agus in aon cháipéisí tacaíochta chun iarratais a mheas.

Déanfaidh an Rannóg Forbartha Pobail incháilitheacht an iarratais a mheas. Féadfar go rachfar i gcomhairle le rannóga cuí i gComhairle Cathrach na Gaillimhe de réir mar is gá.

### Critéir don Mheasúnacht

1. An bhaint leis an ionchuimsiú sóisialta
2. An tionchar ar an spriocghrúpa
3. Indéantacht agus luach ar airgead
4. Cumas na heagraíochta an tionscadal a chur i gcrích

### 10. Fógra faoin Toradh

Is **i mí na Bealtaine 2026** a chuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin toradh. Ní mór do Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe gach deontas a cheadú.

Gheobhaidh iarratasóirí an méid seo a leanas má éiríonn a n-iarratas leo:

- **Litir thairisceana** ina luafar an maoiniú a chuirfear ar fáil agus an méid is gá an deontas a chaitheamh air
- **Litir Ghlactha** ina leagfar amach téarmaí agus coinníollacha an deontais

Beidh **10 lá** ann leis an Litir Ghlactha a shíniú agus a sheoladh ar ais. Mura seoltar an Litir Ghlactha ar ais in am rachaidh an tairiscint in éag.

### 11. An deontas a tharraingt anuas

- Ní mór éilimh a chur faoi bhráid Rannóg an Phobail ar an ríomhphost nó sa bpost
- Ní féidir éilimh a dhéanamh ar mhaoiniú go dtí go mbeidh **an tionscadal curtha i gcrích** ach amháin má bhíonn réamhíocaíocht (suas le 50%) socraithe le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ceadaithe ag an gComhairle.
- Ní íocfar an íocaíocht deiridh go dtí go mbeidh an tionscadal go hiomlán curtha i gcrích agus na cáipéisí riachtanacha ar fad curtha isteach
- Féadfaidh ionadaithe thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cuairt a thabhairt ar an láithreán sula ndéanfar an íocaíocht deiridh a eisiúint

### Cáipéisí Riachtanacha chun Íocaíocht a fháil

Ní mór **Tuarascáil Críochnaithe Tionscadail** a chur isteach le haon éilimh mar aon leis na nithe seo:

- Sonraisc agus bunchóipeanna d'admhálacha (ní mór ainm an deontaí a lua)
- Ráitis bhainc ar a dtugtar fianaise ar íocaíocht
- Grianghraif de chláir / de ghníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích
- Tuarascáil ina dtugtar sonraí faoi thorthaí, buntáistí, srl. ag baint le gníomhaíochtaí an tionscadail
- Aon cháipéisí eile arna lorg tráth ceadaithe an mhaoinithe

**Spriocdhátaí Tábhachtacha**

- **Ní féidir ach tionscadail/gníomhaíochtaí/cláir a chuirtear i gcrích in 2026 roimh an spriocdháta an 31 Deireadh Fómhair a mhaoiniú.**
- Ní mór gach tionscadal a chur i gcrích faoin **31 Deireadh Fómhair 2026**
- Ní mór an maoiniú go léir a éileamh faoin **28 Samhain 2026**

Tarraingeofar siar aon mhaoiniú nach n-éileofar faoin dáta seo.

Ní mór do ghrúpaí a chinntiú go bhfuil na sonraí cearta reatha airgeadais (cuntas bainc, cisteoir, srl.) ag Foireann na gCuntas Iníoctha i gComhairle Cathrach na Gaillimhe

Úsáidtear **ríomhaistriú airgid (RAA)** le gach íocaíocht a dhéanamh. Ní mór do ghrúpaí na socruithe cuí a dhéanamh chun glacadh le híocaíochtaí den chineál sin.
Tá foirm chun soláthraí a bhunú ar fáil ar an nasc seo: **(Nasc chuig foirm socrú suas soláthraí ANSEO)**

**12. Cáipéisí riachtanacha breise i gcéim an Iarratais**

- Meastacháin chuí, miondealú buiséid agus fianaise go bhfuil cuntas bainc ag an ngrúpa
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Polasaí um Chosaint Leanaí (má bhíonn obair le leanaí i gceist)
- Aon eolas tacaíochta breise don iarratas (mar shampla, tuarascáil bhliantúil, bileoga)
- Má bhíonn aon aistear nó turas lae beartaithe ann, ní mór fianaise ar an árachas cuí (mar shampla, árachas dliteanais phoiblí, árachas iompair) a chur faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcéim an iarratais nó sula ndéantar an maoiniú a cheadú. D'fhéadfaí iarratais a mheas a bheith neamh-incháilithe mura gcuirtear cáipéisí sásúla árachais ar fáil.

**13. Eolas teagmhála**

Má bhíonn ceisteanna ann faoin iarratas nó tacaíocht ag teastáil lena líonadh amach, ba chóir dul i dteagmháil leis na hOifigigh don Fhorbairt Uirbeach agus Pobail:

Deirdre Keaney Cunningham

- Toghlimistéar Áitiúil: Iarthar Chathair na Gaillimhe
- Guthán Póca: 087 146 5006
- Ríomhphost: deirdre.keaneycunningham@galwaycity.ie

Natalie Coen

- Toghlimistéar Áitiúil: Lár Chathair na Gaillimhe
- Guthán Póca: 087 110 3209
- Ríomhphost: natalie.coen@galwaycity.ie

Oliver Lydon

- Toghlimistéar Áitiúil: Oirthear Chathair na Gaillimhe
- Guthán Póca: 087 609 1460
- Ríomhphost: oliver.lydon@galwaycity.ie